# AN BORD ATHBHREITHNITHE MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

## MENTAL HEALTH (CRIMINAL LAW) REVIEW BOARD

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017

An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)
Cúirt Montague
Sráid Montague
Baile Átha Cliath 2
D02 FT96
Guthán: (01) 4768602
Ríomhphost: info@mhclrb.ie
Láithreán gréasáin: www.mhclrb.ie

# CLÁR ÁBHAR


| | | LEATHANACH |
|---|---|---|
| 1. | Brollach leis an gCathaoirleach | 3 |
| 2. | Feidhm an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) | 6 |
| 3. | Athbhreithnithe a rinne an Bord | 6 |
| 4. | An Cion nó an Cion Líomhnaithe is Tromchúisí | 9 |
| 5. | Orduithe Scaoilte | 9 |
| 6. | Scéim an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) | 10 |
| 7. | Imeachtaí Dlí | 12 |
| 8. | Faisnéis Airgeadais | 13 |
| 9. | Soláthar | 13 |
| 10. | Nochtadh Cosanta | 14 |
| 11. | Rialachas agus Rialuithe Inmheánacha | 14 |


**AGUISÍNÍ**


| | | |
|---|---|---|
| Aguisín A - | Líon na nÉisteachtaí in aghaidh na Míosa in 2017/2016 | 19 |
| Aguisín B - | Líon na nOthar Athbhreithnithe in aghaidh na Diagnóise in 2017/2016 | 20 |
| Aguisín C - | Líon na nÉisteachtaí de réir Shaghas an Athbhreithnithe in 2017/2016 | 21 |
| Aguisín D - | Líon na nÉisteachtaí in 2017/2016 in aghaidh an Ailt den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna leasú | 22 |
| Aguisín E - | Meánlíon na gCásanna Sannta d'Ionadaithe Dlí ar an bPainéal um Chúnamh Dlí in 2017/2016 | 23 |
| Aguisín F - | Líon na nOthar a Scaoileadh ar Choinníoll in 2017/2016 | 24 |
| Aguisín G - | An Cion nó an Cion Líomhnaithe is Tromchúisí | 25 |

## 1. **BROLLACH LEIS AN GCATHAOIRLEACH**

Is cúis áthais dom in athuair chun Tuarascáil Bhliantúil 2017 an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) a chur i láthair. Is í seo an 11ú Tuarascáil Bhliantúil leis an mBord. Sula dtabharfaidh mé léargas ginearálta ar ghníomhaíochtaí an Bhoird i gcaitheamh na bliana 2017, ba mhaith liom ar dtús fáilte a chur roimh an Dr. Katherine Brown a cheap an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ina comhalta den Bhord in Aibreán 2017 i ndiaidh go ndeachaigh an Dr. Michael Mulcahy ar scor. Faoi mar a tugadh faoi deara i dTuarascáil na bliana seo caite, thug an Dr. Mulcahy le fios go raibh sé ar intinn aige dul ar scor ón mBord go luath in 2017. Ba mhaith liom, arís eile, an rannchuidiú ollmhór a thug an Dr. Mulcahy le hobair an Bhoird ó bunaíodh é in 2006, a admháil.

Tháinig méadú beag ar líon na n-éisteachtaí athbhreithnithe a chuir an Bord ar bun i rith na bliana 2017 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Chuir an Bord 187 éisteacht ar siúl, i gcomparáid le 175 sa bhliain 2016, inar athbhreithníodh coinneáil 83 othar. As na 83 othar ar athbhreithníodh a gcoinneáil, deonaíodh scaoileadh ar choinníoll do cheathrar. Mar chomparáid leis sin, as 81 othar, ar an iomlán, in 2016, scaoil an Bord cúigear othar ar choinníoll. As an gceathrar othar a scaoileadh ar choinníoll, cuireadh an Bord ar an eolas go ndearna Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Mheabhair-Ghalar duine amháin a athghairm chuig an ospidéal ar an mbunús gur chreid an Stiúrthóir go réasúnta gur sháraigh an t-othar a Ordú Scaoilte ar Choinníoll go hábhartha.

Lean an Bord ar aghaidh leis an 26ú agus 27ú hathbhreithniú a chur ar bun ar choinneáil roinnt othar in 2017.

Fuair an Bord sé iarratas ar scaoileadh neamhchoinníollach in 2017 ó othair a scaoileadh ar choinníoll ar feadh 12 mhí nó níos mó. Bhí iarratas amháin ann nár próiseáladh ó 2016, chomh maith. As na sé iarratas a fuarthas, d'fhaomh an Bord dhá scaoileadh neamhchoinníollacha. Diúltaíodh dhá iarratas, cuireadh éisteacht amháin ar athló ar iarraidh ionadaí dlíthiúil an othair agus bhí iarratas amháin ar feitheamh éisteachta ag deireadh na bliana. Dheonaigh an Bord scaoileadh neamhchoinníollach, chomh maith, don othar ar tugadh a iarratas anonn ó 2016.

Thar ceann mo chomhghleacaithe, gabhaim buíochas le Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Mheabhair-Ghalar, an tOllamh Harry Kennedy, as an gcúnamh a thug sé i rith na bliana. Gabhaim buíochas, chomh maith, leis na foirne ildisciplíneacha san ospidéal as an obair a rinne siad chun tuarascálacha síciatracha mionsonraithe a ullmhú ar gach othar sula raibh a n-éisteacht athbhreithnithe ar bun. Tá an Bord eolach air go nglacann an obair seo roinnt mhaith ama orthu siúd go léir a bhíonn bainteach. Tá an Bord ar an eolas, chomh maith, ar lá éisteachtaí athbhreithnithe, go gcuirtear isteach ar ghnáthamh na n-othar agus na foirne ag an ospidéal. Ina thaobh sin, is mór ag an mBord cúnamh agus comhoibriú shíciatraithe comhairleacha, fhoireann seirbhísí altranais, sóisialta agus riaracháin an ospidéil. Ba mhaith liom, chomh maith leis sin, moladh a thabhairt d'obair chomhaltaí Phainéal Ionadaithe Dlíthiúla an Bhoird a leanann le hionadaíocht ábalta agus coinsiasach a dhéanamh d'othair a thagann os comhair an Bhoird go ndéanfar athbhreithniú ar a gcoinneáil.

Ar deireadh, gabhaim buíochas leis an Uasal Greg Heylin, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an tUasal Catherine Hayes agus an tUasal Ann Casey as an obair a rinne siad i rith na bliana.

**Iarfhlaith O'Neill**
**Cathaoirleach**

**Aibreán 2018**

## 2. FEIDHM AN AN BHOIRD ATHBHREITHNITHE MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

Ba le hAlt 11 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006 a bunaíodh an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil), a tháinig i bhfeidhm an 27 Meán Fómhair 2006.

Tá an Bord freagrach as athbhreithniú choinneáil na n-othar a atreoraíodh chuig lárionaid ainmnithe ag eascairt as cinneadh a rinne na cúirteanna nach inniúil iad ar a dtriail a sheasamh nó a fuarthas ciontach i gcion de bharr na gealtachta iad. Is leis an mBord an chumhacht de réir Acht 2006, arna leasú, chun coinneáil leanúnach na n-othar a ordú nó chun a scaoileadh ar choinníoll nó go neamhchoinníollach a ordú. Nuair a dhéanann an Bord a chinneadh, caithfidh sé aird a thabhairt ar leas an othair agus ar leas an phobail. Tá an Bord neamhspleách go reachtúil i bhfeidhmiú a fheidhmeanna.

Déanann an Bord athbhreithniú ar choinneáil príosúnach, chomh maith, lena n-áirítear príosúnaigh mhíleata, a aistríodh chuig lárionad ainmnithe agus iad ag fulaingt le neamhord meabhrach. Is féidir leis an mBord a gcoinneáil leanúnach i lárionad ainmnithe nó a bhfilleadh ar an bpríosún a ordú. Is é an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar an t-aon lárionad ainmnithe faoi láthair faoi Acht 2006.

## 3. ATHBHREITHNITHE A RINNE AN BORD

Faoi mar a fhoráiltear in Acht 2006, caithfidh an Bord athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil gach othair ag eatraimh nach giorra ná sé mhí. Is amhlaidh dá réir arb iondúil go mbíonn dhá éisteacht athbhreithnithe ag na hothair in aghaidh na bliana,

ach féadann níos mó bheith ag roinnt acu, lasmuigh de na héisteachtaí a sceidealaítear go rialta toisc gur féidir leis an mBord athbhreithniú a sceidealú dá thionscnamh féin nó ach iarratas a fháil ón othar. Is féidir le Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Mheabhair-Ghalar éisteacht a iarraidh freisin, agus is féidir leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais treoir a thabhairt don Bhord chun athbhreithniú a stiúradh i gcoinneáil príosúnaigh atá in ospidéal go neamhdheonach.

Ag aon tráth amháin, bíonn thart ar 80 othar á gcoinneáil sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar faoi Acht 2006. Is féidir leis an líon sin bheith éagsúil de réir a chéile, toisc go n-aistrítear othair ón bpríosún, cé is moite de na hothair fadchoimeádta, bíodh sé lena dtoiliú nó go neamhdheonach, do chúram nó do chóireáil nach bhfuil ar fáil sa phríosún dóibh. Ní féidir leis an mBord coinneáil roinnt de na hothair úd san ospidéal a athbhreithniú ámh, óir gur féidir iad a aistriú ar ais go dtí an príosún sula mbíonn an éisteacht athbhreithnithe acu, arb iondúil go sceidealaítear í tar éis theacht an othair chun an ospidéil. Titeann gach éisteacht athbhreithnithe amach sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar.

D'athbhreithnigh an Bord i rith na bliana 2017 coinneáil 83 othar, a raibh 10 nduine nó 12% acu baineann agus 73 duine nó 88% acu fireann. Chuir an Bord 187 éisteacht athbhreithnithe ar siúl, ar an iomlán. Is ionann seo agus méadú 7% ar líon na n-athbhreithnithe i gcomparáid le 2016, tráth a cuireadh 175 éisteacht athbhreithnithe ar bun. As na 83 othar a ndearna an Bord athbhreithniú ar a gcoinneáil, bhí diagnóisiú leis an scitsifréine le 67% acu, bhí 17% acu ag fulaingt leis an neamhord scitsea-mhothachtálach, agus bhí diagnóis le neamhoird eile ag 16%

acu. Cuirtear seo i gcomparáid leis an mbliain 2016, tráth a athbhreithníodh coinneáil 81 othar, diagnóisíodh go raibh 68% díobh thíos le scitsifréine, go raibh 14% acu ag fulaingt leis an neamhord scitseamhothachtálach, agus 18% le neamhoird eile. Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb é an croíghrúpa céanna othar i gcónaí a athbhreithníonn an Bord gach aon bhliain. (Tagraítear dó seo in Aguisíní A agus B).

Rinne an Bord, den chéad uair, an 26ú agus an 27ú hathbhreithniú in 2017 ar choinneáil roinnt othar. As na 187 éisteacht athbhreithnithe, bhí an 26ú hathbhreithniú i gceist le 11 cheann díobh agus bhí an 27ú hathbhreithniú i gceist le trí cinn díobh. Bhí 7% de na héisteachtaí, ar an iomlán, ag an 26ú nó an 27ú céim athbhreithnithe. Bhí 29% de na héisteachtaí ag idir an 1ú agus an 5ú céim athbhreithnithe, i gcomparáid le 34% in 2016. Astu seo, rinneadh an chéad athbhreithniú ar 15 chás nó 8%, i gcomparáid le 2016 nuair a rinneadh 14 athbhreithnithe den sórt sin, arbh ionann sin agus 8% den iomlán, chomh maith. (Tagraítear dó seo in Aguisín C).

Amhail blianta roimhe seo, bhain móramh na n-éisteachtaí athbhreithnithe le hothair a cuireadh chun an Phríomh-Ospidéil Mheabhair-Ghalar faoi Alt 5(2) d'Acht 2006, tar éis dóibh bheith neamhchiontach i gcion de bhrí na gealtachta. Rinneadh 135 éisteacht athbhreithnithe don ghrúpa sin, i gcomparáid le 115 in 2016, arb ionann sin agus 72% agus 66%, faoi seach, den líon foriomlán éisteachtaí. Arís eile in 2017, rinneadh an dara líon ba mhó d'éisteachtaí athbhreithnithe a chur ar bun d'othair a bhí á gcoinneáil faoi Alt 15(2) den Acht, ar phríosúnaigh iad a aistríodh go neamhdheonach chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar ar mhaithe le cúram

nó cóireáil, nach bhféadfaí a sholáthar i bpríosún. B'ionann an grúpa seo agus 17% de na héisteachtaí athbhreithnithe in 2017 i gcomparáid le 20% in 2016. (Tagraítear dó seo in Aguisín D).

## 4. AN CION NÓ AN CION LÍOMHNAITHE IS TROMCHÚISÍ

Áiríodh leis na cionta, nó leis na cionta líomhnaithe, lenar cúisíodh nó lenar ciontaíodh na hothair a choinnítear sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar sa bhliain 2017 an dúnmharú, iarracht ar dhúnmharú, dúnorgain agus ionsaí is cúis le díobháil thromchúiseach choirp. As na 83 othar ar athbhreithnigh an Bord a gcoinneáil, rinneadh 38 díobh a chúiseamh, nó a chiontú, i dtaobh dúnmharú. Ba dhaoine muinteartha leis an othar móramh na n-íospartach den chion seo, nó den chion líomhnaithe seo. Cúisíodh nó ciontaíodh 8 n-othar san iomlán le hiarracht ar dhúnmharú/dúnorgain/marú trí thiomáint chontúirteach. Cúisíodh nó ciontaíodh 23 othar le hionsaí is cúis le díobháil/díobháil thromchúiseach choirp agus 4 acu le coirloscadh. Áiríodh leis na cionta eile ionsaí gnéasach, bagairt chun marú, ciapadh, srianadh neamhdhleathach, iarracht ar leanbh a fhuadach, buirgléireacht, seilbh ar sceana agus imeaglú agus bagairt stáisiún Gardaí a chur trí thine. (Tagraítear dó seo in Aguisín G).

## 5. ORDUITHE SCAOILTE

D'fhaomh an Bord scaoileadh ar choinníoll ceathrar othar ón bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar in 2017, i gcomparáid le cúigear in 2016. B'ionann meánachar na coinneála san ospidéal do na hothair a scaoileadh ar choinníoll agus 11 bhliain. Bhain beagán de bhreis ar 5 bliana leis an dá fhad ba ghiorra agus b'ionann an dá fhad ab fhaide agus 17 mbliana. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach foras

riachtanach ná leordhóthanach é an t-achar a choinnítear othar, ann féin, chun scaoileadh ar choinníoll a dheonú. (Tagraítear dó seo in Aguisín F).

Rinneadh othar amháin a scaoileadh ar choinníoll a athghairm chun an Phríomh-Ospidéil Mheabhair-Ghalar in 2017. Cuireadh an Bord ar an eolas go ndearna an Stiúrthóir Cliniciúil an scaoileadh ar choinníoll a chúlghairm mar gheall go raibh forais réasúnta aige lena chreidiúint gur sháraigh an t-othar a Ordú Scaoilte ar Choinníoll go hábhartha.

Fuair an Bord sé iarratas ar scaoileadh neamhchoinníollach in 2017 ó othair a scaoileadh ar choinníoll ar feadh 12 mhí nó ní b’fhaide. Dheonaigh an Bord dhá scaoileadh neamhchoinníollacha agus dhiúltaigh sé dhá cheann. Diúltaíodh iarratas amháin, ar iarraidh ionadaí dlíthiúil an iarratasóra agus bhí an t-iarratasóir eile ar feitheamh éisteachta ag deireadh na bliana. Dheonaigh an Bord scaoileadh neamhchoinníollach breise amháin, chomh maith, d’othar a chuir isteach ar éisteacht déanach in 2016 agus ar tugadh a iarratas anonn go ndéanfar cinneadh air in Eanáir 2017.

## 6. <u>SCÉIM AN BHOIRD ATHBHREITHNITHE MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)</u>

Ceanglaítear ar an mBord Athbhreithnithe faoi Alt 12(1)(c) d’Acht 2006 chun ionadaí dlíthiúil a shannadh do gach othar a dtagann a gcoinneáil faoi athbhreithniú, mura molann an t-othar chun ionadaíocht dhlíthiúil a fhostú dá n-acmhainn féin. Agus aird air seo, chuir an Bord Scéim um Chúnamh Dlí (Dlí Coiriúil) don Meabhairshláinte, 2006 i bhfeidhm, faoinar bunaíodh Painéal ionadaithe dlíthiúla. Féadann na hothair diúltú do sheirbhís aturnae shannta ón bPainéal más mian leo, agus aturnae éigin

eile a iarraidh ón bPainéal, nó is féidir leo aturnae neamh-Phainéil a fhostú dá n-acmhainn féin chun feidhmiú mar a n-ionadaí ag a n-éisteacht athbhreithnithe. Ar mhaithe leis an leanúnachas, ag féachaint don chaoi a mbaineann neamhord meabhrach do na hothair, féachann an Bord chun an t-aturnae céanna a shannadh chun feidhmiú mar ionadaí othair i gcomhair éisteachtaí athbhreithnithe ina dhiaidh sin.

Tá sé ina choinníoll in Alt 3.6 de Théarmaí agus Coinníollacha Scéim um Chúnamh Dlí an Bhoird Athbhreithnithe go ndéanfaidh an Bord athbhreithniú foirmiúil ar an bPainéal Ionadaithe Dlíthiúla gach trí bliana. Agus aird air seo, cuireadh tús le hathbhreithniú ar an bPainéal in Iúil 2017, agus tugadh an t-athbhreithniú deireanach roimhe sin chun críche in 2014. Cuireadh tús leis an athbhreithniú trína fhiafraí de gach comhalta den Phainéal ar mhian leo fanacht ar an bPainéal. Seachas comhalta amháin, thug gach comhalta le fios gur mhian leo fanacht de bheith ina gcomhaltaí den Phainéal. Ó rinneadh an t-athbhreithniú roimhe sin, idir 25 in 2014, 24 in 2015 agus 26 in 2016 a bhí na líonta comhaltaí.. I Márta 2017, bhí 27 comhalta Painéil ann. Tháinig méadú beag ar an líon othar ónar theastaigh ionadaíocht dhlíthiúil i rith na tréimhse sin aníos ó 80 in 2014, 81 in 2015 agus 2016 agus 83 in 2017. Bunaithe ar an anailís a rinneadh ar roinnt othar, a bhí ina anailís statach nach mór, agus ar ualach oibre gach ionadaí dhlíthiúil, rinne an Bord an cinneadh nach mbeadh comhaltaí breise an Phainéil ag teastáil don todhchaí intuartha. Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ag an mBord ar an gceist seo.

Amhail Márta 2017, b'ann do 27 comhalta Painéil, nuair a cuireadh athbhreithniú breise leis chun iarraidh a rinne othar a éascú ar mhian leis go ndéanfadh an t-

aturnae a rinne ionadaíocht dó in imeachtaí coiriúla ionadaíocht dó ag a n-éisteacht athbhreithnithe. Chomhaontaigh an Bord le hiarraidh an othair, faoi réir go sanntar an t-aturnae chun ionadaíocht a dhéanamh don othar sin amháin. Faoi mar a luadh roimhe seo, i rith athbhreithniú an Phainéil, thug comhalta amháin le fios nár mhian leo fanacht ar an bPainéal agus thug comhalta eile le fios don Bhord i Meán Fómhair go raibh cleachtas príobháideach á fhágáil acu chun glacadh le post nua agus bhí orthu éirí as an bPainéal dá bharr. Cuireadh an bheirt chomhaltaí Painéil seo san áireamh sna figiúirí don bhliain 2017 mar gheall go ndearna siad ionadaíocht do chliaint i rith na bliana.

Ba é 7 gcás an meánlíon cásanna a sannadh d'aturnaetha ar an bPainéal sa bhliain 2017. Sannadh 11 chás, ar an meán, an duine don cheathairíl uachtarach aturnaetha. Sannadh 8 gcás, ar an meán, don dara agus don tríú ceathairíleanna agus sannadh 2 chás an duine, ar an meán, don bhuncheathairíl. Is ionann iad seo agus an meánlíon cásanna a sannadh d'aturnaetha i ngach ceathairíl in 2016. (Tagraítear dó seo in Aguisín E).

## 7. <u>IMEACHTAÍ DLÍ</u>

Faoi mar a tuairiscíodh anuraidh, chuireadh an t-iarratasóir in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh achomharc faoi bhráid na Cúirte Achomhairc in aghaidh Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Mheabhair-Ghalar ***(MC v. an Stiúrthóir Cliniciúil, Bord Athbhreithnithe an Phríomh-Ospidéil Mheabhair-Ghalar (an Dlí Coiriúil) (Páirtí Fógra)).*** Shocraigh an Chúirt Achomhairc dáta chun éisteacht leis an achomharc i Samhain 2018.

## 8. FAISNÉIS AIRGEADAIS

Cistítear an Bord Athbhreithnithe ó fhotheideal B.10 de Vóta Oifige an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. In 2017, fuair an Bord Athbhreithnithe leithdháileadh buiséid €397,000. Ba €362,789 caiteachas iomlán an Bhoird in 2017. Cloíonn an Bord Athbhreithnithe leis an gCód Caiteachais Phoiblí. Is iad seo a leanas na príomhearraí caiteachais:

| | |
|---|---:|
| Cúnamh Dlí Saor in Aisce | €102,801 |
| Pá | €94,652 |
| Táillí comhaltaí Boird | *€86,500 |
| Táille an Chathaoirligh | €70,875 |
| Costais dlí | €6,328 |

*Áirítear leis seo táillí do Nollaig 2016 a íocadh in Eanáir 2017. Ní áirítear leis seo táillí do Nollaig 2017 a íocadh in Eanáir 2018. Ní áirítear leis seo táillí don Dr. Brown, mar gheall go raibh moill ar í a shocrú ar an gcóras párolla.

## 9. SOLÁTHAR

### Comhairleoirí Dlí a Cheapadh

I ndiaidh dul i gcomhairle le Grúpa um Straitéis Soláthair na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus na hOifige um Sholáthar Rialtais (an OSR), d'eisigh an OSR Iarraidh Fhorlíontach ar Thairiscint i mBealtaine 2017, thar ceann an Bhoird Athbhreithnithe, chun seirbhísí dlí a sholáthar don Bhord. I ndiaidh na hiarrata sin ar thairiscint, ceapadh Aturnaetha McDowell Purcell ina gcomhairleoirí dlí leis an mBord faoi théarmaí *an Chreat-Chomhaontaithe um Sheirbhísí Dlí a Sholáthar do Chomhlachtaí Earnála Poiblí faoi théarmaí (gan Ranna Rialtais Láir a áireamh)* a chuir an OSR i bhfeidhm.

### Tairiscintí do Sheirbhísí Ateangaireachta ag Éisteachtaí Athbhreithnithe

D'eisigh an Bord Athbhreithnithe cúig thairiscint aonuaire ríomhphoist i rith 2017 chun seirbhísí ateangaireachta a sholáthar ag éisteachtaí athbhreithnithe.

## 10. NOCHTADH COSANTA

Ghlac an Bord Athbhreithnithe le Beartas um Nochtadh Cosanta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais mar a beartas um nochtadh cosanta san ionad oibre. Ar aon dul le riachtanais tuairiscithe, deimhnítear nach bhfuarthas aon tuairiscí um nochtadh cosanta in 2017.

## 11. RIALACHAS AGUS RIALUITHE INMHEÁNACHA

### Struchtúr agus Ballraíocht an Bhoird Athbhreithnithe

Comhlacht leathbhreithniúnach is ea an Bord Athbhreithnithe Meabhairshláinte (an Dlí Coiriúil), seachas bord rialachais, a athbhreithníonn coinneáil othar a choinnítear sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar. Is éard atá sa Bhord ná Cathaoirleach agus líon ar bith de ghnáthchomhaltaí a fhéadfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a éileamh, i ndiaidh dul i gcomhairle leis an Aire Sláinte. Breitheamh san Ard-Chúirt atá imithe ar scor atá sa Chathaoirleach reatha agus tá triúr gnáthchomhaltaí ann, ar síciatraithe comhairleacha iad beirt díobh agus ar síciteiripeoir comhairleora duine amháin díobh. Ceapann an tAire na comhaltaí Boird go léir ar feadh tréimhse cúig bliana, faoi mar a fhoráiltear san Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006. Leagtar amach thíos ballraíocht an Bhoird in 2017:

| Comhalta | Dáta Ceaptha |
|---|---|
| An Breitheamh Onórach Iarfhlaith O'Neill | Meán Fómhair 2014 |
| An Dr. Katherine Brown, Síciatraí Comhairleach | Aibreán 2017 |
| An tUasal Nora McGarry, Síciteiripeoir Comhairleach | Meán Fómhair 2016 |
| An Dr. Michael Mulcahy*, Síciatraí Comhairleach | Meán Fómhair 2016 |
| An Dr. Elizabeth Walsh, Síciatraí Comhairleach | Eanáir 2013 |

*Chuaigh an Dr. Mulcahy ar scor in Aibreán 2017

**Freastal ar Éisteachtaí agus Táillí**

Ní chasann an Bord Athbhreithnithe lena chéile, seachas d'éisteachtaí sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar. Nuair a bhí athbhreithniú á dhéanamh ar choinneáil othar, suíonn an Bord i bpainéal triúir, agus bhíonn an Cathaoirleach agus síciatraí comhairleach amháin, ar a laghad, ar an bpainéal i gcónaí.

Íoctar táille €250 in aghaidh na héisteachta le gnáthchomhaltaí do gach éisteacht athbhreithnithe ar a bhfreastalaíonn siad. Íoctar an táille chéanna chun freastal ar éisteachtaí a bhaineann le hiarratais a fuair an Bord ar scaoileadh neamhchoinníollach. In 2017, d'fhreastail gach comhalta boird ar na héisteachtaí siúd a raibh siad sceidealaithe le freastal orthu. D'fhreastail an Dr. Brown, a ceapadh in Aibreán, ar 50 éisteacht, d'fhreastail an tUasal McGarry ar 175 éisteacht agus d'fhreastail an Dr. Walsh ar 161 éisteacht. Níor fhreastail an Dr. Mulcahy ar éisteachtaí in 2017.

Íoctar táille bhliantúil €70,875 leis an gCathaoirleach. Déanann an Cathaoirleach cathaoirleacht ar gach éisteacht athbhreithnithe agus gach éisteacht chun breithniú a dhéanamh ar iarratais ar scaoileadh neamhchoinníollach. Ina theannta sin, cuireann an Cathaoirleach comhairle agus treoir ar fáil don POF, ach go háirithe chun aon chásanna dlí a bhainistiú ina bhfuil an Bord mar pháirtí.

**Fostaithe**

Tacaíonn Príomhoifigeach, an tUasal Greg Heylin, leis an mBord Athbhreithnithe. Is Príomhoifigeach Feidhmiúcháin sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais é agus caitheann sé cuid dá chuid ama le dualgais POF an Bhoird a chomhlíonadh. Tá an

POF freagrach as bainistíocht agus riarachán laethúil ghnó agus acmhainní an Bhoird. Ní íoctar tuarastal ar leith leis an POF don obair a dhéanann sé leis an mBord Athbhreithnithe.

Tá beirt chomhaltaí foirne lánaimseartha ag an mBord, Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Cléireachais, atá ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Státseirbhísigh iad foireann an Bhoird Athbhreithnithe agus íoctar na rátaí pá cuí státseirbhíse leo dá ngrád.

Déanann Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe próiseáil ar an bpárolla agus is iad siúd a íocann táillí na gcomhaltaí Boird. Déanann Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais próiseáil ar íocaíochtaí eile.

**<u>Maoirseacht agus Rialuithe Inmheánacha</u>**

Baineadh comhaontú maoirseachta amach don bhliain 2017 leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus shínigh an POF é thar ceann an Bhoird Athbhreithnithe. Sa Chomhaontú Maoirseachta, comhaontaíodh, mar gheall ar fheidhmeanna cúnga reachtaíochta Chathaoirleach an Bhoird, neamhspleáchas reachtúil an Bhoird agus a lú atá sé, ní chuirfeadh an POF, ná an Cathaoirleach, an Ráiteas Comhlíonta faoi bhráid an Aire i gcomhréir le *An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.*

Maidir le comhlíonadh *an Chóid Chleachtais,* chuir an Roinn an fhoráil 'Comhlíon nó Mínigh' den *Chód* ar an mBord Athbhreithnithe. Maidir le rialuithe inmheánacha

agus bainistíocht riosca, mar gheall ar mhéid an Bhoird Athbhreithnithe, ní mheastar gurb indéanta don Bhord a Aonad Iniúchóireachta nó a Choiste Iniúchóireachta agus Riosca féin a bhunú. Ina ionad sin, cuireadh socruithe malartacha i bhfeidhm don Bhord go mbeidh teacht ar Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Coiste Iniúchóireachta agus Riosca na Roinne maidir le rialachas airgeadais. Tugann POF an Bhoird faoi mheasúnú ar phríomhrioscaí an Bhoird Athbhreithnithe ar bhonn bliantúil agus cuirtear aon rioscaí a shainaithnítear san áireamh i gClár Riosca an Bhoird.

Ní cheanglaítear i reachtaíocht bhunaithe an Bhoird Athbhreithnithe Ráitis Airgeadais a sholáthar. Déanann an Bord, tríd an POF, idirchaidreamh le hIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais a thuairiscíonn ar ioncam agus caiteachas an Bhoird i dtuarascálacha míosúla bainistíochta na Roinne. Coimeádann an POF na tuarascálacha míosúla agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go n-údaraítear caiteachas i gcomhréir le treoirlínte na Roinne.

Agus aird ar mhéid an Bhoird Athbhreithnithe agus an bonn reachtúil atá lena sainchúram nach n-athraíonn mura leasaítear an reachtaíocht, ní mheastar gur gá don Bhord plean straitéiseach a ullmhú. Foilsíonn an Bord Athbhreithnithe staitisticí ábhartha, áfach, i dtaobh a aschuir ina Thuarascáil Bhliantúil a fhoilsítear ar a láithreán gréasáin.


Cloíonn an Bord Athbhreithnithe le beartais agus treoirlínte soláthair phoiblí. Tugtar faoi iomaíocht soláthair faoina dtugann an Bord Athbhreithnithe i gcomhairle le Grúpa um Straitéis Soláthair na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

**Nóta:**
**Sheol an Bord láithreán gréasáin nua (www.mhclrb.ie) in Eanáir 2017.**
**Comhdhlúthú riaracháin an Achta um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, a d'ullmhaigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí**
**Tá nósanna imeachta an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) agus**
**Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime um Chúnamh Dlí do Mheabhair-Shláinte (an Dlí Coiriúil), 2006**
**ar fáil ar an láithreán gréasáin.**

**Aguisín A**

**Líon na nÉisteachtaí in aghaidh na Míosa in 2017/2016**

| Mí | Líon na nÉisteachtaí 2017 | % d'Iomlán 2017 | Líon na nÉisteachtaí 2016 | % d'Iomlán 2016 |
|---|---|---|---|---|
| **Eanáir** | 16 | 8% | 11 | 6% |
| **Feabhra** | 16 | 8% | 16 | 9% |
| **Márta** | 21 | 11% | 15 | 9% |
| **Aibreán** | 13 | 7% | 23 | 13% |
| **Bealtaine** | 11 | 6% | 8 | 5% |
| **Meitheamh** | 17 | 9% | 18 | 10% |
| **Iúil** | 16 | 8% | 12 | 6% |
| **Lúnasa** | 22 | 12% | 14 | 8% |
| **Meán Fómhair** | 5 | 4% | 15 | 9% |
| **Deireadh Fómhair** | 10 | 5% | 21 | 12% |
| **Samhain** | 22 | 12% | 8 | 5% |
| **Nollaig** | 18 | 10% | 14 | 8% |
| **Iomlán** | **187** | **100%** | **175** | **100%** |



**Aguisín B**

## Líon na nOthar a Athbhreithníodh de réir Diagnóise in 2017/2016

| Diagnóis | Líon na n-othar a athbhreithníodh in 2017 | % d'Iomlán 2017 | Líon na n-othar a athbhreithníodh in 2016 | % d'Iomlán 2016 |
|---|---|---|---|---|
| **Scitsifréine** | 56 | 67% | 55 | 68% |
| **Neamhord Scitsea-Mhothachtálach** | 14 | 17% | 11 | 14% |
| **Neamhoird Eile** | 13 | 16% | 15 | 18% |
| **Iomlán** | **83** | **100%** | **81** | **100%** |

**I measc na Neamhord Eile, tá an méid seo a leanas:**

Neamhord Mothachtálach Dé-Pholach

Neamhord Síocóiseach

Dúlagar Síocóiseach


Neamhord de chuid Speictream an Uathachais

Siondróm Asperger

Neamhord Giúmair

Neamhord Oiriúnúcháin le Taom Dúlagair


Neamhord Pearsantacht Orgánaí



**Aguisín C**

## Líon na nÉisteachtaí de réir Shaghas an Athbhreithnithe in 2017/2016

| Saghas an Athbhreithnithe | Líon na nAthbhreithnithe in 2017 | % d'Iomlán 2017 | Líon na nAthbhreithnithe in 2016 | % d'Iomlán 2016 |
|---|---|---|---|---|
| **An 1ú hAthbhreithniú** | 15 | 8% | 14 | 8% |
| **An 2ra-5ú hAthbhreithniú** | 39 | 21% | 46 | 26% |
| **An 6ú-10ú hAthbhreithniú** | 45 | 24% | 32 | 18% |
| **An 11ú-15ú hAthbhreithniú** | 25 | 14% | 18 | 10% |
| **An 16ú-20ú hAthbhreithniú** | 14 | 7% | 17 | 10% |
| **An 21ú-25ú hAthbhreithniú** | 35 | 19% | 48 | 28% |
| **An 26ú-27ú hAthbhreithniú** | 14 | 7% | | |
| **Iomlán** | **187** | **100%** | **175** | **100%** |




**Aguisín D**

## Líon na nÉisteachtaí in 2017/2016 de réir Alt an Achta um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna leasú

| Alt d'Acht 2006 | Líon na nÉisteachtaí In 2017 | % d'Iomlán 2017 | Líon na nÉisteachtaí In 2016 | % d'Iomlán 2016 |
|---|---|---|---|---|
| **Alt 4(3)** | 4 | 2% | 2 | 1% |
| **Alt 4(5)** | 10 | 5% | 9 | 5% |
| **Alt 5(2)** | 135 | 72% | 115 | 66% |
| **Alt 5(3)** | 1 | 1% | 3 | 2% |
| **Alt 15(1)** | 3 | 2% | 7 | 4% |
| **Alt 15(2)** | 32 | 17% | 36 | 20% |
| **Alt 15(5)** | 2 | 1% | 3 | 2% |
| **Iomlán** | **187** | **100%** | **175** | **100%** |

**Alt 4(3)** Neamhinniúil ar Phléadáil, an Chúirt Dúiche
**Alt 4(5)** Neamhinniúil ar Phléadáil, Cúirt Eile
**Alt 5(2)** Neamhchiontach de bharr gealtachta
**Alt 5(3)** Iniúchadh agus tuairisciú i ndáil le neamhchiontacht de bharr gealtachta
**Alt 15(1)** Aistriú deonach ón bPríosún
**Alt 15(2)** Aistriú neamhdheonach ón bPríosún
**Alt 15(5)** Leanúint d'aistriú deonach ón bPríosún (tar éis diúltú do chúram nó do chóireáil)



**Aguisín E**

## Meánlíon na gCásanna Sannta d'Ionadaithe Dlí ar an bPainéal um Chúnamh Dlí in 2017/2016

| Bliain | Líon na nIonadaithe Dlíthiúla ar an bPainéal | Meánlíon na gcásanna a sannadh | Meánlíon na gcásanna a sannadh sa Cheathairíl Uachtarach | Meánlíon na gcásanna a sannadh sna 2ra agus 3ú Ceathairíleanna | Meánlíon na gcásanna a sannadh sa Bhuncheathairíl |
|---|---|---|---|---|---|
| 2017 | 27* | 7 | 11 | 8 | 2 |
| 2016 | 26** | 7 | 11 | 8 | 2 |

* Ceapadh comhalta breise i Márta. Chuaigh beirt chomhaltaí ar scor, duine amháin i Lúnasa agus duine eile i Meán Fómhair. Áirítear iad seo sna figiúirí mar gheall gur sannadh cásanna dóibh i rith na bliana. Ag deireadh 2017, b'ionann an líon comhaltaí agus 25.

** Ag deireadh na bliana (ceapadh beirt chomhaltaí breise i rith na bliana)

**Aguisín F**

**Líon na nOthar a Scaoileadh ar Choinníoll in 2017/2016**

| Mí an Ordaithe Scaoilte ar Choinníoll | Líon na nOthar 2017 | Líon na nOthar 2016 |
|---|---|---|
| **Eanáir** | 1 | |
| **Márta** | 2 | |
| **Aibreán** | | |
| **Bealtaine** | 1 | 2 |
| **Meitheamh** | | 1 |
| **Iúil** | | 1 |
| **Samhain** | | 1 |
| **Nollaig** | | |
| **Iomlán** | **4** | **5** |

**Aguisín G**

## An Cion nó an Cion Líomhnaithe is Tromchúisí a rinne othair a ndearnadh a gcoinneáil a athbhreithniú in 2017

| Saghas an Chiona nó an Chiona Líomhnaithe | Líon na n-othar a cúisíodh, nó a ciontaíodh i leith an chiona | |
|---|---|---|
| **Dúnmharú** | **38** | |
| ar dhuine muinteartha é an t-íospartach | | 23 |
| ina raibh aithne ag an othar ar an íospartach | | 10 |
| ina raibh an t-íospartach ina strainséir | | 5 |
| **Iarracht ar Dhúnmharú/Dúnorgan/Tiomáint chontúirteach ba chúis leis an mbás** | **8** | |
| ar dhuine muinteartha é an t-íospartach/ina raibh aithne ag an othar ar an íospartach | | 6 |
| ina raibh an t-íospartach ina strainséir | | 2 |
| **Ionsaí is cúis le díobháil/díobháil thromchúiseach choirp** | **23** | |
| ar dhuine muinteartha é an t-íospartach | | 7 |
| ina raibh aithne ag an othar ar an íospartach | | 3 |
| ina raibh an t-íospartach ina strainséir | | 13 |
| **Coirloscadh** | **4** | |
| **Eile** | **10** | |
| **Iomlán** | **83** | |

**Nóta**

1) Othair a ciontaíodh i(n), nó a cúisíodh le ní ba mhó ná cion/cion líomhnaithe amháin, a catagóiríodh de réir an chiona/an chiona líomhnaithe ba thromchúisí.

2) Bhain ní ba mhó ná íospartach amháin leis na cionta lenar cúisíodh othar nó inar ciontaíodh iad i gcás mhionlach na gcásanna.

3) Áirítear leis an gcatagóir “Eile” ionsaí gnéasach, bagairt chun maraithe, ciapadh, srianadh neamhdhleathach, iarracht ar leanbh a fhuadach, buirgléireacht, seilbh ar sceana agus bagairt chun stáisiún Garda a chur trí thine.